Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 11 Feabhra 2021**

**CM 1650/21**

**CODEC**
**TRANS**
**MAR**
**COVID-19**
**PROCED**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | ivana.dutkova@consilium.europa.eu / codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 7125 |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise mharthanacht ghéarchéim COVID-19 i dtaca le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo agus le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe i réimsí áirithe den reachtaíocht iompair agus síneadh a chur le seiceálacha áirithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/698 [2021/0012 (COD)]<br>An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh:<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh, agus<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1), an 10 Feabhra 2021, iarrtar oraibh a chur in iúl:

1) an aontaíonn sibh le glacadh an Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha agus sealadacha i bhfianaise mharthanacht ghéarchéim COVID-19 i dtaca le deimhnithe, ceadúnais agus údaruithe áirithe a athnuachan nó síneadh a chur leo agus le cur ar athlá seiceálacha tréimhsiúla áirithe agus oiliúint thréimhsiúil áirithe i réimsí áirithe den reachtaíocht iompair agus síneadh a chur le seiceálacha áirithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/698, mar a leagtar amach in PE-CONS 2/21 é.

   Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.

2) an aontaíonn sibh maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

   Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh.

Ní mór na freagraí ar an dá cheist a bheith faighte, le ríomhphost chuig ivana.dutkova@consilium.europa.eu agus codecision.adoption@consilium.europa.eu, ag Ardrúnaíocht na Comhairle a luaithe is féidir agus faoin **15 Feabhra 2021 ar 10.00 (am na Bruiséile)** ar a dhéanaí.